ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education



# Treoirlínte do Phríomhoidí agus do Bhoird Bainistíochta Scoileanna Speisialta le haghaidh 2022/2023

An 13 Eanáir 2022 Uimh. Thagartha: NCSE 01/2022

## Dátaí Tábhachtacha

**An 28 Eanáir 2022 Fágálaithe:** Mura bhfuil sé curtha ar fáil cheana féin, ba cheart do scoileanna Foirm 5 NCSE (Foirm Fágálaithe do mhic léinn ag deireadh na scoilbhliana 2021/22) a sheoladh trí ríomhphost nó tríd an bpost chuig an ERSO áitiúil.

**An 18 Feabhra 2022 Leathnú agus Iontrálaithe Nua:** Ba cheart do scoileanna eolas a roinnt le ERSO maidir le haon leathnú atá beartaithe, mura bhfuil eolas roinnte cheana féin agus na cheart Foirm 7 NCSE a chur ar fáil d'iontrálaithe nua don scoilbhliain 2022/23.

**An 29 Aibreán 2022:** Is é Dé hAoine an **29 Aibreán 2020** an dáta deiridh a nglacfaidh Rannóg Iompar Scoile na Roinne Oideachais (DoE) le hiarratais.

*Ba cheart iarratais ar iompar scoile a chur faoi bhráid an ERSO roimh spriocdháta DoE ionas gur féidir iarratais a aistriú chuig DoE faoin 29 Aibreán. Más féidir, ba cheart iad seo a chur ar fáil i dteannta leis na foirmeacha rollaithe (Foirm 7). Ba cheart iarratais a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta a chur faoi bhráid NCSE a luaithe agus is féidir. Leanfaidh NCSE agus Rannóg Iompair DoE le hiarratais iompair a phróiseáil de réir mar a fhaightear iad.*

**Bealtaine 2022:** Foilsiú leithdháiltí Múinteoir Scoil Speisialta agus Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) ar shuíomh gréasáin NCSE.

**An 23 Meán Fómhair 2021:** Ba cheart do scoileanna **An Fhoirm Deimhnithe um Thinreamh Mac Léinn** (Foirm 6 NCSE) a sheoladh chuig a ERSO áitiúil ag deimhniú go bhfuil mic léinn nua agus reatha tar éis glacadh le agus leanúint lena socrúcháin.

**An 23 Meán Fómhair 2021:** Ba cheart do scoileanna **Foirm Fágálaithe** (Foirm 5 NCSE) **le haghaidh mac léinn atá ag fágáil i Meitheamh 2023** a sheoladh ar aghaidh (ba cheart an fhoirm seo a thabhairt cothrom le dáta i rith na bliana a bhfágann mic léinn).

**COVID-19:** I bhfianaise shrianta COVID 19 i láthair na huaire, beidh NCSE chomh tuisceanach agus is féidir i ndáil leis an spriocdhátaí thuasluaite. Déan teagmháil le do ERSO áitiúil más gá.

**Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó**
https://ncse.ie/guidelines-and-applications-forms-for-special-schools

## Mic Léinn ag Fágáil ag Deireadh Scoilbhliain 2021/22

Ba cheart do scoileanna Foirm na bhFágálaithe (Foirm 5 NCSE) a sheoladh tríd an bpost nó trí ríomhphost chuig a ERSO faoin **28 Eanáir 2022**. I gcás na scoileanna sin nach bhfuil aon mhic léinn ag imeacht uathu i mbliana ba cheart don scoil an fhoirm a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an ERSO agus a léiriú gur tuairisceán NÁID atá ann.

## Leathnú an Chláraithe

Sa chás gur mian le scoil speisialta a chlárú a leathnú, ba cheart an cinneadh seo a phlé leis an ERSO ar dtús sula ndeimhnítear na bpleananna leathnaithe leis an ERSO faoin **18 Feabhra 2022**. Cuirfidh sé seo ar chumas NCSE cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar mhúinteoir/tacaíocht CRS breise ón scoil.

## Fógra a thabhairt maidir le hIontrálaithe Nua

Is é an **18 Feabhra 2022** an deiridh atá i bhfeidhm le haghaidh fógra a thabhairt maidir le foirmeacha cláraithe (Foirm 7 NCSE) le haghaidh iontrálaithe nua.

Teastaíonn faisnéis maidir le fágálaithe scoile agus iontrálaithe nua chun cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíochtaí teagaisc agus CRS do Scoileanna Speisialta. Glactar leis go bhféadfadh an próiseas cláraithe le haghaidh scoileanna leanúint ar aghaidh go dtí mí Bealtaine. Ba cheart, áfach, na doiciméid agus na sonraí ar fad atá ar fáil d'iontrálaithe nua a sheoladh ar ais faoin 18 Feabhra 2022.

Tá leithdháiltí múinteoirí scoil speisialta agus CRS bunaithe ar líon agus ar phróifíl reatha mac léinn atá cláraithe sa scoil in aon bhliain ar leith de réir fhorálacha Chiorclán 0042/2011 DoE.

I bhfianaise na freagartha do ghéarchéim COVID-19, glactar leis nach mbeidh rochtain ag Príomhoidí áirithe ar na doiciméid tacaíochta ar fad le haghaidh iontrálaithe nua. **Ní mór go mbeadh na doiciméid riachtanacha ar fad faighte faoi 23 Meán Fómhair 2022 agus d'fhéadfaí aon choigeartuithe riachtanacha foirne a dhéanamh ag an tráth seo.**

Moltar do phríomhoidí teagmháil a dhéanamh leis an ERSO sa chás go bhfuil doiciméad nó clárú ar iarraidh chun an méid sin a phlé ar bhonn an mhic léinn.

Maidir leis na scoileanna sin a bhfuil cead faighte acu clárú a leathnú, breithneofar acmhainní breise nuair a bheidh na doiciméid ábhartha ar fad faighte.

**Faoin 23 Meán Fómhair 2022, beidh dualgas ar gach scoil tinreamh mac léinn a dheimhniú leis an ERSO trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Deimhnithe um Thinreamh Mac Léinn (Foirm 6 NCSE).**

**Faoin 23 Meán Fómhair 2022 ceanglófar ar gach scoil Foirm Fágálaithe NCSE (Foirm 5) a sheoladh ar aghaidh do Mhic Léinn atá ag Fágáil ag Deireadh na Scoilbhliana 2022/23. Sa chás nach bhfuil aon mhic léinn ag fágáil, ba cheart don scoil an fhoirm a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig an ERSO agus a léiriú gur tuairisceán NÁID atá ann.**

## Iarratas ar Acmhainní do Mhic Léinn 18 mbliana d'aois agus níos sine

Gach bliain, faigheann NCSE líon beag iarratas ar acmhainní ó mhic léinn *atá 18 mbliana d'aois nó níos sine tráth déanta an iarratais*. I gcásanna dá leithéid, ba cheart don scoil an fhoirm ábhartha a sheoladh ar aghaidh (Foirm 1A le haghaidh rochtain ar bhreis tacaíochta CRS, Foirm 3A le haghaidh iarratas ar fheidhmchláir Teicneolaíochta Cúnta). Déantar foráil sna foirmeacha seo le haghaidh toiliú mac léinn atá 18 mbliana d'aois agus níos sine, áit ar cuí.

## Plean Pearsantaithe Mic Léinn (PPM)

Tugtar le fios in *Alt 15* de Chiorclán 0030/2014 gur cheart go mbeadh Plean Pearsantaithe Mic Léinn (PPM) forbartha le haghaidh gach mac léinn ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Moltar do scoileanna úsáid a bhaint as pleanáil aonair do mhic léinn ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus gur cheart gné chúraim a chur san áireamh. Ní gá go mbeadh doiciméad neamhspleách riachtanach. Go deimhin, d'fhéadfaí an ceanglas PPM a áireamh i gComhad Tacaíochta Mic Léinn NEPS nó i ndoiciméad Fhoirm BCN 1 NCSE, i gcás na mac léinn sin ag a bhfuil riachtanais chúraim iompraíochta. Glacann NCSE leis sa chás go bhfuil mac léinn nua ag tosú sa scoil, go mbeidh am ag teastáil ón scoil chun PPM a fhorbairt. I gcásanna dá leithéid, ba cheart an PPM a chur ar fáil laistigh de shé seachtaine ó dháta tosaigh an mhic léinn.

## Mic Léinn ag a bhfuil Riachtanais Chúraim Iompraíochta

Ba cheart go dtuigfeadh scoileanna áit a bhfuil tacaíocht CRS á hiarraidh do mhic léinn ag a bhfuil RSO agus sa chás go mbaineann príomhchúis an iarratais le riachtanais chúraim iompraíochta, gur cheart go mbeadh an fhoirm BCN1 leis an iarratas. Cuireann an fhoirm BCN1 ar chumas na scoile na straitéisí agus na tacaíochtaí dearfacha iompraíochta atá bunaithe chun cabhrú leis an mac léinn agus iompraíocht a bhainistiú roimh rochtain ar thacaíochtaí CRS a iarraidh. Níor cheart an fhoirm seo a sheoladh ar aghaidh ach amháin nuair atá scrúdú déanta ag na scoileanna ar na tacaíochtaí ar fad atá á gcur ar fáil ag NEPS, NCSE etc. agus nuair is féidir leis an scoil a léiriú, tar éis straitéisí agus idirghabhálacha a chur chun feidhme, gur ann fós do riachtanais chúraim breise an mhic léinn. Tá foirmeacha iarratais le haghaidh tacaíocht NCSE le fáil ar an suíomh gréasáin www.ncse.ie.

Tá '*Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúcháin agus Sóisialta – Leanúntas Tacaíochta do Bhunscoileanna – Treoirlínte do Mhúinteoirí*' foilsithe ag NEPS chun cabhrú le scoileanna córais, scileanna agus struchtúir a fhorbairt chun freagairt do riachtanais Mac Léinn ag a bhfuil riachtanais iompraíochta, mhothúcháin agus shóisialta, agus riachtanais foghlama chomh maith. Is féidir na treoirlínte seo a íoslódáil ó www.education.ie.

## Iarratais ar Iompar Scoile agus/nó Teicneolaíocht Chúnta

Is féidir iarratais ar Iompar Scoile (Foirm 2 NCSE) agus iarratais ar Theicneolaíocht Chúnta (Foirm 3 NCSE) a sheoladh chuig an ERSO.

Tá tuilleadh eolais le fáil i Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu de bharr Míchumas (Samhain 2011) DoE.

Ba cheart don ERSO iarratais ar iompar scoile a sheoladh ar aghaidh faoi spriocdháta DoE, an 29 Aibreán 2022, agus go hidéalach roimh an dáta seo agus i dteannta leis an bhfoirm chlárúcháin (Foirm 7). Cé go nglactar leis go bhféadfadh clárú i scoileanna speisialta tarlú i ndiaidh an dáta seo, déanfar iarratais a fhaightear i ndiaidh an 29 Aibreán 2022 a phróiseáil ar an mbonn sin agus tabharfar tús áite d'iarratais chomhlánaithe faoin spriocdháta. Féach ar Chiorclán 0010/2013 áit a bhfuil níos mó eolais faoi scéim Theicneolaíocht Chúnta DoE.

## Srianta COVID-19 – Toiliú Tuismitheora

I bhfianaise shrianta COVID-19 i láthair na huaire, glactar leis go mb'fhéidir nach mbeidh Príomhoidí áirithe in ann síniú tuismitheora/caomhnóra a fháil a thoilíonn faisnéis a chur ar fáil do NCSE. Sa chás nach bhfuil scoileanna in ann sínithe a sholáthar le haghaidh toiliú tuismitheora, ba cheart do Phríomhoidí a chinntiú go mbeidh toiliú ar fáil agus deimhniú a thabhairt do NCSE go bhfuil toiliú tuismitheora faighte. D'fhéadfaí go n-áireofar i measc toiliú tuismitheora ina leithéid sin de chásanna toiliú ríomhphoist nó toiliú ó bhéal ón tuismitheoir (taifeadta trí nóta comhaid ón bPríomhoide). Mar chuid de seo, ba cheart do Phríomhoidí a chur in iúl don tuismitheoir/caomhnóir go gcuirfear a sonraí teagmhála teileafóin ar fáil do NCSE ionas gur féidir leis an ERSO toiliú a dheimhniú ina dhiaidh sin. Nuair a bheidh an t-iarratas faighte ag NCSE, déanfaidh ERSO teagmháil leis an tuismitheoir/caomhnóir, sula ndéanfar an t-iarratas a athbhreithniú, lena dheimhniú go bhfuil toiliú tugtha go sainráite do phróiseáil fhaisnéis an linbh agus mar chuid den phróiseas iarratais. Déanfaidh an ERSO é seo a thaifeadadh trí nóta comhaid. Ní dhéanfar an t-iarratas a phróiseáil ach amháin nuair atá toiliú deimhnithe leis an ERSO.

I ndeireadh na dála, is é Príomhoide na scoile atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an toiliú tuismitheora chuí faighte sula roinntear aon sonraí pearsanta le NCSE. Ba cheart sínithe tuismitheora/caomhnóra a fháil, más féidir.

## Srianta COVID-19 – Dearbhú an Phríomhoide

I bhfianaise Shrianta COVID-19, glactar leis nach mbeidh Príomhoidí áirithe in ann sínithe bunaidh a sholáthar. Glacfaidh NCSE le foirmeacha iarratais ar a mbeidh síniú an Phríomhoide clóscríofa ar an gcoinníoll go seoltar an t-iarratas ó chuntas ríomhphoist oifigiúil na scoile.

**Liosta Foirmeacha** (**Ar fáil ag** https://ncse.ie/guidelines-and-applications-forms-for-special-schools)

| | |
|---|---|
| Foirm Iarratais le haghaidh Tacaíocht bhreise CRS | *Foirm1* |
| Foirm Iarratais le haghaidh Tacaíocht bhreise CRS do mhac léinn 18 mbliana d'aois & níos sine | *Foirm 1A* |
| Foirm Iarratais ar Iompar | *Foirm 2* |
| Foirm Iarratais ar Theicneolaíocht Chúnta | *Foirm 3* |
| Foirm Iarratais le haghaidh Teicneolaíocht Chúnta do mhac léinn 18 mbliana d'aois & níos sine | *Foirm 3A* |
| Foirm na bhFágálaithe | *Foirm 5* |
| Foirm Deimhnithe um Thinreamh | *Foirm 6* |
| Fógra maidir le Clárú i Ranga Speisialta nó Scoil Speisialta | *Foirm 7* |
| Foirm BCN1 | |
| Treoir Mhearthagartha maidir le Riachtanais Chúraim | |

Sínithe,



Mary McGrath,
Ceannasaí Oibríochtaí